

Cód Iompair maidir le caibidlíocht i gcomhthéacs an ghnáthnós imeachta reachtaigh¹

1. Réamhrá

Sa Chód Iompair seo, tugtar treoraíocht laistigh den Pharlaimint faoin gcaoi le caibidlíochtaí a sheoladh ag gach céim den ghnáthnós imeachta reachtach, lena n-áirítear ar an tríú léamh, agus ba cheart é a léamh in éineacht le Riail 69b go Riail 69f de na Rialacha Nós Imeachta.

Is comhlánú é an Cód ar na forálacha ábhartha de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr², a bhaineann le trédhearcacht agus comhordú an phróisis reachtaigh, agus ar an Dearbhú Comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla i ndáil leis an nós imeachta comhchinnteoireachta³ arna chomhaontú idir an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún an 13 Meitheamh 2007.

2. Prionsabail ghinearálta agus ullmhú do na caibidlíochtaí

Maidir le caibidlíochtaí idirinstiúideacha i gcomhthéacs an ghnáthnós imeachta reachtaigh, beidh siad bunaithe ar phrionsabail na trédhearcachta, na cuntasachta agus na héifeachtúlachta chun a áirithiú go mbeidh an próiseas cinnteoireachta iontaofa, inrianaithe agus oscailte, agus é sin laistigh den Pharlaimint agus a mhéid a bhaineann leis an bpobal.

Mar riail ghinearálta, ba cheart don Pharlaimint leas a bhaint as gach féidearthacht atá ar fáil di ag gach céim den ghnáthnós imeachta reachtach. An cinneadh i dtaobh dul i mbun caibidlíochtaí, go háirithe d'fhonn teacht ar chomhaontú ar an gcéad léamh, déanfar é a mheas ar bhonn cás ar chás, agus aird á tabhairt ar na saintréithe ar leith a ghabhann le gach comhad ar leith.

Déanfaidh an rapóirtéir an fhéidearthacht dul i mbun caibidlíochtaí leis an gComhairle a chur i láthair an choiste ina iomláine agus déanfaidh an Coiste a chinneadh i gcomhréir leis an Riail ábhartha. Is é a bheidh mar shainordú do na caibidlíochtaí ná an tuarascáil reachtach ón gcoiste nó na leasuithe arna nglacadh sa suí iomlánach le haghaidh na gcaibidlíochtaí don chéad léamh, an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh le haghaidh na gcaibidlíochtaí don luathdara léamh nó don dara léamh, agus an seasamh ón bParlaimint ar an dara léamh le haghaidh na gcaibidlíochtaí don tríú léamh.

Déanfar cinntí maidir le dul i mbun caibidlíochtaí a chur in iúl don Pharlaimint agus déanfaidh an Pharlaimint grinnscrúdú ar na cinntí sin. Chun an méid trédhearcachta is féidir sa phróiseas reachtach a bhaint amach, déanfaidh Cathaoirleach Chomhdháil Chathaoirligh na gCoistí Comhdháil na nUachtarán a choinneáil ar an eolas ar bhonn tráthrialta, trí fhaisnéis chórasach agus thráthrialta a sholáthar di maidir le gach cinneadh ó na coistí dul i mbun caibidlíochtaí agus maidir le dul chun cinn na gcomhad faoin ghnáthnós imeachta reachtach. Aon chinneadh a dhéantar le linn na gcaibidlíochtaí, measfar gur cinneadh sealadach é go dtí go ndéanfaidh an Pharlaimint an cinneadh sin a ghlacadh.

Maidir le caibidlíochtaí don chéad léamh, don luathdara léamh agus don dara léamh, is é an coiste freagrach a bheidh mar an comhlacht a bheidh freagrach as seoladh na gcaibidlíochtaí agus déanfaidh an fhoireann chaibidlíochta ionadaíocht ar an gcoiste sin i gcomhréir le Riail 69f. Ag an tríú léamh, is í toscaireacht na Parlaiminte chun an choiste idir-réitigh a dhéanfaidh ionadaíocht ar an bParlaimint agus beidh duine de na Leas-Uachtaráin atá freagrach as idir-réiteach mar chathaoirleach ar an toscaireacht sin. I gcaitheamh na gcaibidlíochtaí, tabharfar urraim don chóimheá pholaitiúil agus beidh gach grúpa polaitiúil i dteideal ionadaí a bheith acu iontu, ar a laghad ar an leibhéal foirne.

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an gCód Iompair seo sa chás go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i Riail 54 i dtaca leis an nós imeachta coiste comhlachaithe nó i Riail 55 i dtaca leis an nós imeachta comhchoiste, go háirithe a mhéid a bhaineann le comhdhéanamh na foirne caibidlíochta agus seoladh na

¹ Amhail a d'fhormheas Comhdháil na nUachtarán an 28 Meán Fómhair 2017.

² IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

³ IO C 145, 30.6.2007, lch. 5.

gcaibidlíochtaí. Ba cheart do Chathaoirligh na gcoistí lena mbaineann a chomhaontú roimh ré cad iad na socruithe a bheidh ann don chomhar eatarthu i rith na gcaibidlíochtaí idirinstiúideacha.

3. Seoladh na gcaibidlíochtaí agus críochnú an chomhaontaithe

Mar cheist prionsabail agus chun an trédhearcacht a fheabhsú, cuirfidh an Pharlaimint an bealach is gá ar fáil chun go gcoinneofar an pobal go maith ar an eolas i rith an timthrialla reachtaigh, agus í ag obair i ndlúthchomhar leis na hinstiúidí eile, ar mhaithe le hinrianaitheacht an phróisis reachtaigh a éascú. Aireofar ar an méid sin fógra comhphárteach maidir le torthaí rathúla na nósanna imeachta reachtacha, lena n-áirítear trí phreasagallaimh chomhphárteacha, nó aon bhealach eile a mheastar a bheith oiriúnach.

Beidh na caibidlíochtaí i gcrúinnithe tríthaobhacha bunaithe ar aon doiciméad comhphárteach amháin (go hiondúil i bhfoirm doiciméad ilcholúin) ina léireofar an seasamh atá ag gach aon instiúid i dtaobh na leasuithe atá curtha síos ag na hinstiúidí eile agus ina bhfuil aon téacs comhréitigh atá aontaithe go sealadach freisin. Is é a bheidh sa doiciméad comhphárteach sin doiciméad comhroinnte idir na hinstiúidí agus ba cheart, i bprionsabal, aon leagan de a scaiptear le haghaidh cruinniú tríthaobhach a bheith comhaontaithe ag na comhreachtóirí. I ndiaidh gach cruinnithe thríthaobhaigh, tuairisceoidh Cathaoirleach na foirne caibidlíochta agus an rapóirtéir ar ais chuig an gcoiste freagrach nó chuig comhordaitheoirí an choiste sin faoi dhul chun cinn na gcaibidlíochtaí.

Nuair a thioctar ar chomhaontú sealadach leis an gComhairle, déanfaidh Cathaoirleach na foirne caibidlíochta agus an rapóirtéir an coiste freagrach a chur go hiomlán ar an eolas i dtaobh thorthaí na gcaibidlíochtaí, agus foilseofar na torthaí sin. Maidir le téacs aon chomhaontaithe shealadaigh a dtiocfar air agus a bheidh le breithniú ag an gcoiste freagrach, gheobhaidh an coiste sin é agus é curtha i láthair ar shlí a léireoidh go soiléir cad iad na modhnuithe atá déanta ar an dréachtghníomh reachtach. Déanfaidh an coiste freagrach a chinneadh i gcomhréir le Riail 69f.

Déanfar an comhaontú sealadach ar thángthas air le linn na gcaibidlíochtaí a dhaingniú i scríbhinn trí bhíthin litir oifigiúil. I gcás comhaontuithe ar an gcéad léamh agus ar an dara léamh, is é Cathaoirleach Coreper a dhéanann an comhaontú sealadach a dhaingniú i scríbhinn do Chathaoirleach an choiste fhreagraigh, agus i gcás comhaontú ar an luathdara léamh, déanann Cathaoirleach an choiste fhreagraigh an Chomhairle a chur ar an eolas go ndéanfaidh sé nó sí a mholadh don suí iomlánach go ndéanfar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a chomhfhreagraíonn do théacs an chomhaontaithe shealadaigh a ghlacadh gan leasuithe ag dara léamh na Parlaiminte.¹

Beidh dóthain ama ann idir formheas an chomhaontaithe shealadaigh ag an gCoiste agus an vótáil sa Pharlaimint chun go bhféadfaidh na grúpaí polaitiúla a seasamh críochnaitheach a ullmhú.

Beidh an comhaontú sealadach faoi réir ag bailchríoch dhlítheangeolaíoch, i gcomhréir le Riail 193. Ní dhéanfar aon athrú ar aon chomhaontú sealadach gan comhaontú sainráite, ar an leibhéal iomchuí, a fháil ón bParlaimint agus ón gComhairle.

4. Cúnamh don fhoireann chaibidlíochta

Déanfar na hacmhainní is gá a thabhairt don fhoireann chaibidlíochta chun go bhféadfaidh sí a cuid oibre a dhéanamh go cuí. Beidh “foireann tionscadail riaracháin” ina chúnamh aici agus beidh an fhoireann sin á comhordú ag rúnaíocht an choiste fhreagraigh, agus ba cheart, ar a laghad, an tAonad um Ghnóthaí Reachtacha, an tseirbhís dlí, Stiúrthóireacht na nGníomhartha Reachtacha, seirbhís preasa na Parlaiminte chomh maith le seirbhísí ábhartha eile de réir mar a chinnfear ar bhonn cás ar chás, a bheith ar áireamh san fhoireann sin. Tabharfar cuireadh do chomhairleoirí na ngrúpaí polaitiúla freastal ar chruinnithe ag a mbítear ag ullmhú do chruinnithe tríthaobhacha nó ag a mbítear ag plé le hobair iardain ar scór na gcrúinnithe sin. Déanfaidh an tAonad um Ghnóthaí Reachtacha comhordú ar sholáthar an chúnamh riaracháin do thoscaireacht na Parlaiminte chun an choiste idir-réitigh.

¹ Féach pointe 18 den Dearbhú Comhphárteach maidir le socruithe praiticiúla i ndáil leis an nós imeachta comhchinnteoireachta.